# Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

## Scrúdú iontrála don
## Dioplóma Iarchéime san
## Aistriúchán agus san Eagarthóireacht
## (ar líne)

***Freagair gach ceist.***

**Scríobh d'ainm anseo le do thoil:**

**Ceist 1 (40 marc)**

*Cuir Gaeilge ar gach ceann de na habairtí thíos.*

1. In addressing the problem, the authorities will explore every avenue open to them.

2. The Board expects a difficult year as a result of reduced expenditure.

3. The main role of my Department is to support and advise me as Taoiseach in carrying out the various duties of my office.

4. Working conditions have scarcely improved since the publication of our last report.

5. He found radio a much more satisfying medium than television.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

## Ceist 2 (20 marc)

*Léigh na habairtí seo a leanas agus na haistriúcháin a ghabhann leo. Cuir tic leis an aistriúchán a shíleann tú bheith ceart.* ***Uaireanta, d'fhéadfadh níos mó ná ceann amháin a bheith ceart.***

**1. She says that she saw it with her own two eyes.**

a) Deir sí go bhfaca sí é lena dhá shúil féin. ☐
b) Deir sí go bhfaca sí é lena dhá súil féin. ☐
c) Deir sí go bhfaca sí é lena dhá shúl féin. ☐

**2. Few people would do such work nowadays.**

a) Is beag duine a dhéanfadh a leithéid d'obair inniu. ☐
b) Is beag an duine a dhéanfadh a leithéid d'obair inniu. ☐
c) Is beag daoine a dhéanfadh a leithéid d'obair inniu. ☐

**3. He was arrested by the police.**

a) Gabhadh ag na póilíní é. ☐
b) Ghabh na póilíní é. ☐
c) Gabhadh leis na póilíní é. ☐

**4. I nodded off towards the end of the film.**

a) Thit néal orm i dtreo deireadh an scannáin. ☐
b) Thit néal orm i dtreo deiridh an scannáin. ☐
c) Thit néal orm i dtreo dheireadh an scannáin. ☐

**5. He sings light-hearted little songs.**

a) Amhráin bheaga siamsa a chanann sé. ☐
b) Amhráin bheaga shiamsa a chanann sé. ☐
c) Amhráin bheaga siamsúla a chanann sé. ☐

**6. She isn't in favour of selling the house now.**

a) Níl sí i bhfabhar an teach a dhíol anois. ☐
b) Níl sí i bhfabhar an tí a dhíol anois. ☐
c) Níl sí i bhfabhar don teach a dhíol anois. ☐

7**. He was a man who knew much about music.**

a) Fear a bhí ann ab eol dó a lán faoin gceol. ☐
b) Fear a bhí ann darbh eol dó a lán faoin gceol. ☐
c) Fear a bhí ann arbh eol dó a lán faoin gceol. ☐

**8. Playing a musical instrument.**

a) Ag seinm gléis cheoil. ☐
b) Ag seinm ghléas ceoil. ☐
c) Ag seinm gléas ceoil. ☐

**9. Freedom of Information Officer.**

a) Oifigeach Saoráil Faisnéise. ☐
b) Oifigeach Shaoráil Faisnéise. ☐
c) Oifigeach Saorála Faisnéise. ☐

**10. The evidence is there in Saint Patrick's letters.**

a) Tá an fhianaise le fáil i litreacha Naomh Pádraig. ☐
b) Tá an fhianaise le fáil i litreacha Naoimh Pádraig. ☐
c) Tá an fhianaise le fáil i litreacha Naoimh Phádraig. ☐

**Ceist 3** **(20 marc)**

*Cuir ceangal coibhneasta idir na míreanna seo thíos. Mar shampla:*

Sin í an scoil + tá mo bhean ag obair inti = *Sin í an scoil **a bhfuil** mo bhean ag obair inti.*

***1. Is scríbhneoir í*** ***ní bhfuair sí cothrom na Féinne riamh.***

___________________________________________________________

***2. Sin é an teach*** ***briseadh isteach ann aréir.***

___________________________________________________________

***3. Ba é sin an t-amhrán*** ***B'ansa liom.***

___________________________________________________________

***4. Sin é an fáth*** ***níor chreid mé é.***

___________________________________________________________

***5. Tá mé ag lorg duine*** ***Aodh is ainm dó.***

___________________________________________________________

***6. Is cuimhin liom an lá*** ***chuamar ar an traein go Gaillimh.***

___________________________________________________________

***7. Amhrán a bhí ann*** ***níorbh éasca é a chanadh.***

___________________________________________________________

***8. Is duine é siúd*** ***níor cheart dó bheith ag ól.***

___________________________________________________________

***9. Tá aithne agam ar dhaoine*** ***d'fhoghlaim siad an tiomáint go déanach ina saol.***

___________________________________________________________

***10. Is duine é*** ***is féidir brath air.***

___________________________________________________________

## Ceist 4 **(20 marc)**

*Líon na bearnaí sa téacs seo tríd an leagan ceart den fhocal a roghnú ón liosta thíos faoi. Is leor an litir chuí a scríobh i ngach bearna.*

D'fhonn stair na n-ealaíon féin a thuiscint i gceart, ní mór dúinn tagairt anseo _______[1] stair na gcathracha Iodálacha _______[2] bunaíodh na scoileanna móra ealaíne iontu.

Nuair a mheath Impireacht na Róimhe fágadh coilíneachtaí dá _______[3] saighdiúirí scaipthe anseo agus ansiúd ar fud na hEorpa gan treoir gan tuarastal agus b'éigean dóibh maireachtáil as a ngustal féin, an trealamh cogaidh a chaitheamh uathu agus iompú ar shlite beatha síochánta chun iad féin a chothú.

Fágadh cuid de na coilíneachtaí míleata sin ar bhruach _______[4] na hArno i dtuaisceart na hIodáile in Firense, ionad álainn ar ghlaoigh na Rómhánaigh *Florentia* air. Ní foláir nó bhí mianach maith i saighdiúirí Firense, mar d'éirigh go hiontach leo féin, lena sliocht agus le sliocht a sleachta, go mór mór i gcúrsaí tráchtála. D'fhídís an t-éadach síoda ab fhearr d'uaisle na hEorpa agus mhúnlaídís seoda _______[5] óir don Eaglais agus do bhantracht na n-uasal, i slí gur charn siad mórán saibhris shaolta dóibh féin. Aon uair a theastaíodh iasacht airgid ó thiarna dúiche chun caisleán a thógáil nó chun cogadh a chur ar a chomharsana is chun buirgéisigh Firense a _______[6] sé á lorg. As an gcleachtadh sin is ea a d'fhás an gnó ba thábhachtaí de ghnóthaí na cathrach i.e. an bhaincéireacht.

D'fhás saibhreas agus cumhacht mhuintir Firense chomh mór sin gur chuir siad i gcoinne _______[7] na n-uasal a bhí á gcoimeád faoi chíos agus gur ruaig siad as an gcathair go deo iad. Rinne siad poblacht neamhspleách den chathair faoi riar na *Signoria* i.e. coiste d'fhir fhiúntacha tráchtála a ghabh orthu féin cúram ghnóthaí na poblachta sa bhaile agus i gcéin, idir arm agus _______[8]. Chuidigh na *Signoria* le haon cheardchuallacht agus le haon duine gustalach a d'fhéadfadh gnóthaí na cathrach a chur chun cinn; d'fhostaigh siad ealaíontóirí chun foirgnimh _______[9] poiblí a cheapadh agus a mhaisiú istigh agus amuigh, agus thugaidís díolaíocht fhial fhlaithiúil dóibh i gcónaí. Tharraing gnás sin na *Signoria* an t-aos _______[10] go dtí an chathair chun lonnú inti.

(Curtha in oiriúint ó *Sármhháistrí na hIodáile* le Seosamh Ó Conchubhair)

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | a. de | b. dá | c. do |
| 2. | a. gur | b. ar | c. a |
| 3. | a. cuid | b. chuid | c. gcuid |
| 4. | a. abhann | b. aibhne | c. abhainn |
| 5. | a. luachmhaire | b. luachmhara | c. luachmhar |
| 6. | a. thiocfadh | b. thiocadh | c. thagadh |
| 7. | a. fhorlámhas | b. forlámhais | c. fhorlámhais |
| 8. | a. polaitíocht | b. pholaitíocht | c. polaitíochta |
| 9. | a. áilne | b. álainne | c. áille |
| 10. | a. ealaíon | b. ealaíona | c. ealaín |